Ùimh 6
Fómhar 2003
Downloadable Version

Alana

Nuachtlitir don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Eagarfhocal: Le Heino Schonfeld, Stiúrthóir, CECDE

cecde
Centre for Early Childhood Development & Education
An Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige

Contents

2-3	Iniúchadh Taighde á sheoladh
4	An Sprioc Á Baint Amach?
5	Creatlach Choincheapúil
6	Comhairliú ar Cháilíocht
6	CECDE Mic Léinn Taighde

Eagarthóir
Heino Schonfeld

Cloite ag
Irish Lithoprint (01) 8316894

Má tá moltaí ar bith agat maidir leis an nuachtlitir déan teagmháil le Peadar Cassidy, Oifigeach Eolais ag 01 8842113 nó ag Peadar.Cassidy@spd.dcu.ie

Míle buíochas le DCULS le haghaidh an aistriú a rinne iad don nuachtlitir.

Lá tábhachtach a bhí i 29 Meán Fómhair don Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige. Sheol an Taoiseach, Bertie Ahern, T.D. ár gcéad fhoilseachán mór, "Iniúchadh ar Thaighde ar Oideachas agus Cúram na Luath-Óige in Éirinn 1990 – 2003" agus tionóladh cruinniú oirnithe ár gCoiste Comhairleach an lá sin.

Chinntigh an Taoiseach ina óráid go raibh an Rialtas tugtha do chúram agus oideachas na luath-óige a fhorbairt bunaithe ar an bPáipéar Bán "Ullamh le Foghlaim" agus ar an gClár Rialtais. Chuaigh sé i bhfeidhm ar a raibh i láthair lena ghealltanais go dtabharfadh sé a thacaíocht phearsanta do na gealltanais sin.

Ba spreagúil ar fad an méid daoine ó réimsí éagsúla laistigh d'earnáil na luath-óige a bhí i láthair ag an gcéad chruinniú a bhí ag Coiste Comhairleach an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige. Bhí ionadaithe ó 40 eagraíocht, Roinn Rialtais agus daoine aonair i láthair agus d'aontaigh siad na téarmaí tagartha.
Bhí plé ann ar réimsí éagsúla cosúil leis an scoilt leanúnach atá idir "cúram" agus "oideachas", "An Bille um Oideachas do Dhaoine faoi Mhíchumas 2003" agus ról na Gaeilge i gcúram agus in oideachas na luath-óige.
Bhí atmaisféar an-tacúil agus dearfach le sonrú ag an gcruinniú agus táimid fíorbhuíoch go raibh foinse chomh h-iontach sin de shaineolas ar fáil chun cabhrú linn.

Baineadh an-taitneamh as an lá ach is lá an-sonrach a bhí ann chomh maith. Léirigh sé an tacaíocht agus an tsuim ollmhór atá i gcúram agus in oideachas na luath-óige in Éirinn. De bhrí go raibh an Taoiseach i láthair dearbhaíodh go dtugann an Rialtas tús áite do chúram agus d'oideachas na luath-óige.

Heino Schonfeld
Stiúrthóir

NDP
Dublin Institute of Technology

Seolann an Taoiseach, Bertie Ahern "Iniúchadh Taighde ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn 1990-2003"

Sheol an Taoiseach, Bertie Ahern céad tuarascáil an Lárionaid um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige (CECDE) dár teideal "Iniúchadh Taighde ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn 1990-2003" in Óstlann an Skylon, Droim Conrach 29ú Meán Fómhair. Luaigh an Taoiseach ag an seoladh an tábhacht a bhaineann leis an obair shonrach seo agus d'athdhearbhaigh sé go bhfuil sé tugtha do chúram agus oideachas na luath-óige. Bhí neart daoine mór-le-rá san earnáil um chúram agus oideachas na luath-óige i láthair ag an ócáid, lena n-áirítear ár gCoiste Comhairliúcháin féin, a raibh a gcruinniú oirnithe acu an tráthnóna sin.

Is éard a dhéanann an tuarascáil seo, scríofa ag Thomas Walsh agus an taighde déanta aige lena haghaidh chomh maith, ná gach taighde ar earnáil na luath-óige in Éirinn le trí bliana déag anuas a thabhairt le chéile agus cuirtear na fíorais i láthair in éineacht le hanailís agus moltaí. De thairbhe nach ndearnadh athbhreithniú ar fhoilseacháin sa réimse seo riamh cheana, beidh an t-iniúchadh seo mar phointe tábhachtach agus mar ghléas luachmhar ag gach coimeádaí geallta san earnáil um chúram agus oideachas na luathóige. Ag an seoladh thug an t-údar aitheantas do chomhoibriú na hearnála agus an taighde á chur le chéile agus thug sé faoi deara "go léiríonn an taighde seo agus go gcuireann sé le céannacht ghairmiúil na hearnála, céannacht atá ag méadú, agus le stádas gairmiúil chleachtóirí na luathbhlianta, stádas atá ag forbairt."

Tá an foilseachán agus an bunachar sonraí a théann leis ar fáil anois ar ár suíomh idirlín www.cecde.ie; tá an bunachar sonraí iomlán inchuardaithe agus coinneofar cothrom le dáta é.

Chun cóip den tuarascáil "Iniúchadh Taighde ar Chúram agus Oideachas na Luath-Óige in Éirinn 1990-2003", a fháil níl le déanamh ach dul i dteagmháil go díreach leis an Lárionad nó teacht air ar-líne ag *http://www.cecde.ie/english/database.php*.

An Sprioc á Baint Amach?; Iniúchadh ar Sholáthar Seirbhísí a Dhíríonn ar Mhíbhuntáiste agus Riachtanais Speisialta i measc Leanaí 0-6 bliana

Le Jacqueline Fallon, Oifigeach Forbartha, CECDE

Beagnach bliain amháin i ndiaidh dúinn tús a chur le hobair ar iniúchadh ar na seirbhísí a dhíríonn ar mhíbhuntáiste agus riachtanais speisialta i measc leanaí san aoisghrúpa ó bhreith go sé bliana d'aois, tá staideanna deireanacha an tionscadail bainte amach againn. De thairbhe go mbímid gafa le hobair laethúil a bhaineann le hanailís a dhéanamh ar shonraí agus leis na saincheisteanna a thagann chun solais óna sonraí sin a mheas, is maith an rud é deis a bheith againn féachaint siar ar an mbliain dheireanach, agus meabhrú ar an eispéireas.

Ag tosú i Mí na Samhna 2002 suas go dtí mí Aibreáin 2003, bhí muid bainteach le bailiú eolais i gcomhairliúchán agus i gcomhoibriú le réimse leathan choimhéadaithe geallta. Bhí muid, agus tá go fóill, buíoch do na daoine sin go léir, idir soláthraithe indibhidiúla seirbhísí agus eagraíochtaí áitiúla, réigiúnacha agus náisiúnta, a chuidigh go fial linn agus iad ag cur a gcuid saineolais agus sonraí ar fáil dúinn. Is í seo an chéad uair go ndearnadh iniúchadh den chineál seo, agus is fiú machnamh a dhéanamh ag an bpointe seo ar an difir idir an iniúchadh seo agus daonáireamh. Tá an difríocht sin tagtha chun solais i gceisteanna maidir le conas atá an t-iniúchadh seo difriúil ón daonáireamh a rinne Bainistíocht Forbairt Limistéar roinnt blianta ó shin ar son na Roinne Dlí agus Cirt, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí. Ba é cuspóir an daonáirimh ná daonra iomlán na seirbhísí chúram leanaí ar fud na tíre a thaifead, agus eolaire de na seirbhísí sin a sholáthar. Is é an coincheap a bhaineann le *'An Sprioc Á Baint Amach?'* ná athbhreithniú córasach ar chatagóirí sonracha soláthair chun críche forbartha. Tríd an bhfoilseachán seo beidh saincheisteanna á dtabhairt chun cinn againn freisin a ndéanfar plé orthu amach anseo in éineacht le coimeádaithe geallta, saincheisteanna a tháinig chun solais sa phróiseas iniúchta agus a mbíonn tionchar acu ar sheachadadh seirbhísí. Ní fheidhmeoidh an t-iniúchadh mar eolaire seirbhísí, agus ní nochtfar céannacht na seirbhísí indibhidiúla.

A luaithe agus a baineadh amach an pointe gearrtha le haghaidh bailiú eolais, ba é an dúshlán a bhí romhainn ansin ná eolas a bhí tagtha isteach i gcuid mhór foirmeacha difriúla ó neart foinsí éagsúla a chur le chéile i bhformáid shoiléir. Bhí an próiseas sin fadálach go leor agus sholáthair sé dúshlán suimiúil. A luaithe agus a baineadh é sin amach cuireadh cóid ar an mbunachar sonraí chun an éagsúlacht atá mar ghné mhór de sholáthar in Éirinn a léiriú. Cuireadh tús le hobair ansin chun teacht ar mhodh oiriúnach chun na fíorais a léiriú, agus tógadh tionscadal mapála idir lámha.

Is éard atá i gceist le *'An Sprioc Á Baint Amach?'* ná léiriú eile ar cheangaltas an CECDE a bheith gníomhach maidir le fianaise thaighde a chur ar fáil, agus a úsáid a chur chun cinn i ngach gné de sholáthar agus de cheapadh polasaí a bhaineann le leanaí óga.

Foilseofar *'An Sprioc Á Baint Amach?'* go luath. Táthar ag súil go spreagfaidh sé díospóireacht ar nádúr soláthar seirbhísí a dhíríonn ar leanaí atá faoi mhíbhuntáiste agus ar leanaí a bhfuil riachtanais speisialta acu. Don chéad uair cuirfear eolas a bhaineann le gach cineál soláthair le chéile chun peirspictíocht a sholáthar ar an réimse iomlán seirbhísí do leanaí san aoisghrúpa 0-6 bliana, is cuma cén áit as ar eascair na seirbhísí sin. Aithníonn an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige go bhfuil na leanaí féin mar chroílár na hoibre ag gach duine atá bainteach le cúram agus oideachas na leanaí is óige atá againn, agus gurb í sin an tsuimint a ghreamóidh brící tógála an chomheagraithe agus na forbartha dá chéile.

Creatlach Choincheapúil Maidir Le Forbairt Agus Foghlaim Luath-Óige in Éirinn – Forbairt Ar Chaighdeáin Den Scoth A Chur Ar An Eolas

Le Gemma Kiernan, Leas-Stiúrthóir, CECDE

Faoi láthair táimid ag ullmhú creatlaí coincheapúla a dhéanfaidh plé ar an bhforbairt agus ar an bhfoghlaim a dhéanann leanaí ó 0-6 bliana d'aois in Éirinn mar chuid den obair atá á dhéanamh againn chun caighdeán náisiúnta den scoth a fhorbairt d'earnáil Chúram agus Oideachas na Luath-Óige. Thig leis an eolas méadaithe faoin óige agus faoi fhorbairt agus faoi fhoghlaim leanaí cur go mór leis an tuiscint ar nádúr na cáilíochta i gcúram agus in oideachas na luath-óige. Á thabhairt sin san áireamh, táimid chun an chreatlach a úsáid chun cabhrú linn caighdeán náisiúnta den scoth a fhorbairt sna réimsí seo a leanas; curaclam / modheolaíocht, trealamh / ábhair, foireann / cáilíochtaí agus páirtíocht tuismitheoirí. Tá a fhios againn go bhfuil go leor den eolas faoi fhorbairt agus faoi fhoghlaim leanaí doiciméadaithe cheana féin. Mar sin féin, creidimid gur nuálach an rud é é a scagadh d'fhonn tuairimí reatha i leith an ruda is fearr do leanaí agus na n-impleachtaí a thagann as sin maidir le caighdeáin den scoth a fhorbairt i gcomhthéacs na hÉireann a mheas.

Cé nach bhfuil an chreatlach críochnaithe fós beidh na bunphrionsabail seo a leanas ag baint léi.

- Beidh claonadh **eicléictiúil** inti, ag déanamh scrúdaithe ar éagsúlacht teoiricí agus fhianaise dhoiciméadaithe chun forbairt agus foghlaim na luath-óige a fhiosrú (0-6 bliana).
- Beidh cur chuige **iomlánaíoch** aici chun forbairt agus foghlaim leanaí a thuiscint, cur chuige a chuireann béim ar an tionchar a bhíonn ag na gnéithe fisiceacha, síceolaíochta (cognaíocha, mothúchánacha, morálta, spioradálta) agus sóisialta ar a chéile. Déanfaidh sí scrúdú gníomhach ar an mbealach is fearr chun forbairt agus foghlaim leanaí a éascú, agus tabharfar an éagsúlacht saoil atá acu ar fad san áireamh, maidir le hinscne, eitneachas, ábaltacht agus stádas socheacnamaíoch.
- Cuirfidh sí forbairt agus foghlaim na leanaí i gcomhthéacs **éiceolaíoch**, agus cuirfear na micrea-eilimintí agus na macra-eilimintí de thionchar na timpeallachta san áireamh. Scrúdóidh sí, go háirithe, caidrimh, gníomhaíochtaí agus timpeallacht na leanaí lena n-áirítear a suíomh soch-chultúrtha in Éirinn.
- Féachfaidh sí ar **éachtaí** leanaí de réir a n-éagsúlachta agus scrúdóidh sí a bhforbairt ar cheannsmacht a bhaint amach, ag cur béime ar a rathúlacht agus ar a ndúshláin chomh maith.
- Feicfidh sí go bhfuil leanaí **gafa go gníomhach** ina dtaithí agus i dtaithí dhaoine eile a chomhthógáil.
- Glacfaidh sí peirspictíocht bunaithe ar **chearta agus ar riachtanais**.
- Cuirfidh sí béim ar na **fachtóirí cosantacha agus na fachtóirí riosca**, ag fiosrú an tionchair a bhíonn acu ar fhorbairt agus ar fhoghlaim leanaí
- Scrúdóidh sí na tionchair stairiúla agus reatha a bhíonn ag **cleachtadh, beartas agus taighde** ar fhorbairt agus ar fhoghlaim leanaí in Éirinn.

I dtéarmaí struchtúir agus creata de, clúdóidh an chreatlach téamaí cosúil leis an gcomhthéacs stairiúil agus cultúrtha atá ag cúram agus oideachas na luath-óige in Éirinn, an leanbh atá ag forbairt agus ag foghlaim agus forbairt agus foghlaim an linbh a éascú. Cinnfidh sí, go háirithe, cad is fearr do leanaí i dtéarmaí a bhforbairt agus a bhfoghlaim a éascú i rith na luathbhlianta. Measfaidh sí freisin an fhís atá againn dár gcuid leanaí in Éirinn, céard a ba mhaith linn go ndéanfadh ár gcuid leanaí, ag aithint a gcuid cosúlachtaí agus a gcuid difríochtaí agus a n-éagsúlachta.

Táimid ag súil go mbeidh dréacht den chreatlach ar fáil do chomhairliúchán le hearnáil Chúram agus Oideachas na Luath-óige faoi thús na bliana seo chugainn (2004). Creidimid go soláthróidh an chreatlach bunús teoiriciúil agus follasach maith do na caighdeáin náisiúnta den scoth a chuirfimid ar fáil, chomh maith le teanga chomónta chun cáilíocht a thógáil i gcomhthéacs na hÉireann.

Comhairliú ar Cháilíocht i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige

I mí Dheireadh Fómhair, thionól an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige sraith seimineár dar teideal "Comhairliú ar Cháilíocht i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige" sna háiteanna seo a leanas:
20 Deireadh Fómhair: Óstán Sheldon Park, Bóthar na Coille Móire, Baile Átha Cliath 10
23 Deireadh Fómhair: Óstán Rochestown Park, Dúglas, Corcaigh
29 Deireadh Fómhair: Óstán Galway Bay, Bóthar na Trá, Gaillimh

Bhí na seimineáir dírithe ar gach duine a raibh leas acu i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige (e.g. Cleachtóirí Luathbhlianta, Múinteoirí Naíonán, Tuismitheoirí). Earcaíodh éascaitheoirí áitiúla chun na grúpaí briseadh-amach a chomhordú agus chun cabhrú leo lena ndíospóireacht.

Bhí cur i láthair gearr ann ar an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige agus ar shaincheist na cáilíochta i gCúram agus in Oideachas na Luath-Óige ag gach seimineár. Bhí an deis ag rannpháirtithe ansin an t-ábhar a phlé, aiseolas a sholáthar agus dá bhrí sin, páirt a ghlacadh sa phróiseas comhairlithe a chabhróidh linne inár n-obair chun caighdeán den scoth a fhorbairt i ngach suíomh do leanaí 0-6 bliana in Éirinn.

B'iad na ceisteanna a cuireadh maidir leis an ábhar seo ná:

- **Míniú ar Cháilíocht**
  Cén chiall a bhaineann tusa as cáilíocht i gcúram agus in oideachas na luath-óige?
- **Cáilíocht a Mheasúnú**
  Céard é an bealach is éifeachtaí i do thuairimse chun cáilíocht i gcúram agus in oideachas na luath-óige a mheasúnú?
- **Tacaíocht a thabhairt do Cháilíocht**
  Cén tacaíocht a theastaíonn uait chun cáilíocht a bhaint amach agus a chothú i gcúram agus in oideachas na luath-óige?

Tá na foirmeacha aiseolais ar fáil chomh maith trí theagmháil a dhéanamh leis an Lárionad go díreach nó trí pháirt a ghlacadh sa suirbhé ar www.cecde.ie. Táimid ag súil an suirbhé seo a chríochnú faoi 30 Samhain, sa chaoi go mbeidh níos mó ná mí againn ón chéad sheimineár chun an méid is mó freagraí agus is féidir a chur le chéile. Cuirfear na torthaí ar fáil ar an suíomh idirlín a luaithe agus is féidir agus foilseofar iad sa chéad eagrán eile de 'Alana'.

Beidh seimineáir breise againn i rith mí na Samhna a leanas:
24 Mí na Samhna: Óstán Hillgrove, Muineacháin
25 Mí na Samhna: Óstán Hodson Bay, Baile Átha Luain
27 Mí na Samhna: Óstán Cheathrú Rua i gContae na Gaillimhe, *an seimineáir sin go hiomlán trí Ghaeilge.*
Tuilleadh eolas ach dul i téagmháil leis an Lárionad.
Ba mhaith linn buíochas a gabháil le gach duine a ghlac páirt sa phróiseas comhairlithe seo. abharfaidh na freagraí eolas luachmhar dúinn chun creatlach cháilíochta a fhorbairt do chúram agus d'oideachas na luath-óige in Éirinn.

Mic Léinn Taighde
Tá áthas orainn a fhógairt go bhfuil beirt mhac léinn dochtúireachta earcaithe againn mar chuid dár Straitéis Taighde d'fhonn freagairt ar inniúlacht taighde na hEarnála um Chúram agus Oideachas na Luath-Óige agus í a láidriú. Déanfaidh an Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige, Coláiste Phádraig agus Institiúid Teicneolaíochta Átha Cliath na mic léinn seo a mhaoirsiú.

Anne Boyle

Tá Anne ag teagasc i réamhscoil don Lucht Siúil i nGaillimh ó 1986 agus tá sí ar ár gCoiste Comhairliúcháin mar ionadaí do Chumann Mhúinteoirí Réamhscoileanna an Lucht Siúil. Rachaidh sí i mbun staidéir PhD ar 'Páirtíocht Tuismitheoirí i Réamhscoileanna an Lucht Siúil' ar feadh tréimhse thrí bliana, agus ceapfar comhaltaí foirne sa Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige agus i gColáiste Phádraig chun í a stiúradh.

Mary O'Kane

Tá Mary díreach ag críochnú a MPhil ina ndearna sí staidéar ar éifeacht rialachán réamhscoile ar chúram agus oideachas na luath-óige. Tosóidh Mary ar a cuid staidéar PhD ar 'An tAistriú ón Réamhscoil go dtí an Bhunscoil' i mí Eanáir. Arís eile cuirfear an méid sin i gcrích thar thréimhse thrí bliana, agus is comhaltaí foirne a cheapfar sa Lárionad um Fhorbairt agus Oideachas na Luath-Óige agus Nóirín Hayes in Institiúid Teicneolaíocht Átha Cliath, lonnaithe i gCearnóg Mhuinseó a bheidh mar stiúrthóirí aici.